TÁ CIGIRÍ NA NÚDARÁS ÁITIÚIL I MBUN MONATÓIREACHTA AR DO CHEANTAR FAOI LÁTHAIR. SEACHNÓIDH TÚ FÍNEÁIL MÁ CHLOÍONN TÚ LEIS NA RIALACHA DRAMHAÍOLA

Tá Fodhlíthe comhchosúla i bhfeidhm ag údaráis áitiúla chun cur chuige comhsheasmhach a chinntiú.

Gheobhaidh tú gach rud a theastaíonn uait maidir le do dhramhaíl a bhainistiú ar bhealach freagrach agus éifeachtúil a oireann duit féin ar **www.mywaste.ie**

Brabhsáil an suíomh chun teacht ar do sheirbhísí dramhaíola áitiúla, ionaid fág anseo, saoráidí athchúrsála chomh maith le bealaí chun cabhrú leat dramhaíl a chosc, a athúsáid agus a uaschúrsáil.

# mywaste

## AN gCLOÍONN TÚ LEIS NA RIALACHA DRAMHAÍOLA

NÍ MÓR DUIT CEANN DE NA ROGHANNA SEO A ÚSÁID



BAILIÚ CEADAITHE AR CHOLBHA AN CHOSÁIN

NÓ



SAORÁID ÚDARAITHE DRAMHAÍOLA

Ireland's guide to waste
Ireland's guide to waste

mywaste

# FAQs

## AN MBAINEANN NA FODHLÍTHE SEO LIOMSA?

**Baineann:** Baineann na fodhlíthe seo le gach teaghlach, árasán agus áitreabh tráchtála.

## CONAS IS FÉIDIR LIOM CLOÍ LEIS NA FODHLÍTHE?

Chun do chuid dramhaíola a bhainistiú i gceart, ní mór duit a bheith ábalta na nithe seo a leanas a chruthú:

Go bhfuil conradh i bhfeidhm agat le bailitheoir údaraithe (ceadaítear comhroinnt araidí bruscair a bhfuil cruthúnas comhaontaithe ag teastáil ina leith)

NÓ

Is féidir leat úsáid rialta de shaoráid dramhaíola údaraithe a léiriú

FÉACH AR

mywaste.ie

chun do shaoráid údaraithe dramhaíola áitiúil a aimsiú.

## CÉN FÁTH A DTEASTAÍONN NA FODHLÍTHE SIN UAINN?

- Chun cabhrú leat do dhramhaíl a bhainistiú ar bhealach atá inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de;
- Chun a chinntiú nach dtabharfar do dhramhaíl ach do bhailitheoir údaraithe dramhaíola ó dhoras go doras nó chuig saoráid údaraithe dramhaíola.
- Chun cabhrú lena chinntiú go bhfuil do dhramhaíl scartha i gceart.
- Chun dumpáil neamhdhleathach agus dó dramhaíola sa chúlchlós a laghdú.

## CAD A THARLÓIDH MURA GCOMHLÍONAIM NA FODHLÍTHE?

Má theipeann ort aon cheann de cheanglais na bhfodhlíthe a chomhlíonadh, d'fhéadfadh go n-eiseoidh an tÚdarás Áitiúil seo nó comhalta den Gharda Síochána Fógra um Pionós Socraithe (Uasmhéid de €75) mar thoradh air sin.

D'fhéadfaí go mbeadh ann d'fhíneáil suas le €2,500 mar thoradh air freisin

## CAD A DHÉANFAIDH MÉ MÁ TÁ CÓNAÍ ORM I GCOIMPLÉASC ÁRASÁN BAINISTITHE?

Tá feidhm fós ag na fodhlíthe; tá an chuideachta bainistíochta ann chun a chinntiú go gcuirtear coimeádáin leordhóthanacha ar fáil do dhramhaíl iarmharach, in-athchúrsáilte agus dramhbhia i bpointí stórála dramhaíola ainmnithe. Tá sé de dhualgas orthu freisin an fhaisnéis i scríbhinn a thabhairt duit maidir leis na socruithe atá i bhfeidhm. Is é an t-áititheoir a bheidh freagrach as scaradh dramhaíola laistigh de na hárasáin, ionas go n-oibreoidh an córas scartha dramhaíola ní mór do gach árasán a pháirt a ghlacadh.

## AN BHFUIL AON RUD EILE IS GÁ DOM A DHÉANAMH?

**Tá:** ní mór duit dramhaíl in-athchúrsáilte agus dramhbhia a scaradh ó do dhramhaíl iarmharach agus iad seo a thaispeáint ar leithligh.

